Bus Éireann

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais **2010**




# Ag freastal ar an bpobal sa saol atá i mbun athrú

PRN. A 11/0223

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 2 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis eile | 13 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 16 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 19 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 20 |
| Príomhbheartais Chuntasaíochta | 22 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 23 |
| Clár Comhardaithe | 24 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 25 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 26 |


Is mian le Bus Éireann a mbuíochas a chur in iúl le Rialtas na hÉireann as an maoiniú le haghaidh tionscadail mhóra faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus leis an Aontas Eorpach as an gcómhaoiniú.

NDP National Development Plan Transforming Ireland

transport21 progress in motion

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

## Athbhreithniú/Léargas Ginearálta Airgeadais

Thabhaigh an chuideachta caillteanas €2.2 milliún in 2010 i gcomórtas le caillteanas €4.7 milliún roimh mhíreanna eisceachtúla in 2009.


Thug Bus Éireann aghaidh ar dhúshláin shuntasacha i rith na bliana 2010 arís. Bhí tionchar mór ag tosca amhail an meathlú leantach ar an ngeilleagar agus an laghdú ar dhíolacháin mhiondíola ar líon na bpaisinéirí. Chonaic croítháirgí paisinéirí bóthair laghdú timpeall 11% ar líon na bpaisinéirí i gcomórtas leis an mbliain 2009. B'ionann an laghdú in ioncam ó phaisinéirí agus 6%.

Lean an chuideachta de thabhairt isteach rathúil a bpleananna laghdaithe costais le linn 2010. Tá dhá phríomhghné i gceist leis na pleananna a bhí ina láimh mhór chúnta in 2010 leis an easnamh a laghdú go mór. Bhí laghduithe ar chroí-bhunchostas na cuideachta agus atheagrú agus athstruchtúrú seirbhísí bus ar leith i gceist leis na gnéithe seo. Bhí call leis na hathruithe seirbhíse seo de thairbhe an laghdaithe ar ioncam agus ar mhaoiniú i gcomhair sheirbhísí PSO. Rinneadh scrúdú ar dhóigheanna nuálacha freisin le seirbhísí áirithe a choinneáil san athbhreithniú ar an ngréasán. Comhaontaítear na hathruithe seirbhíse roimh ré leis an NTA agus chinntigh an chuideachta go bhfaigheann custaiméirí dóthain fógra faoi na hathruithe seirbhíse a bheartaítear.

Rinneadh coigilteas suntasach costais i rith na bliana 2010, ach bhíothas in ann gréasán cuimsitheach comhtháite iompair seirbhísí a chur ar fáil ag an am céanna. Bhí laghdú €19m (10%) ar chaiteachas paisinéirí bóthair i gcomparáid le 2009. Bhí laghdú ar líon na mball foirne freisin san uile ghrád foirne le linn 2010. Tá costais phárolla laghdaithe €9m (6.2%) in 2010. B'éigean réimse gníomhartha dúshlánacha a chur i bhfeidhm faoi choinne an choigiltis seo. Chomh maith le héifeachtúlachtaí intí, réadaíodh laghduithe suntasacha ó sholáthróirí seachtracha.




B'ionann an t-ioncam iomlán in 2010 agus €285.9m. B'ionann é agus €302.7m in 2009. Leagtar amach an fheidhmíocht ioncaim le blianta beaga anuas sa tábla:




## Seirbhís Iompair Phoiblí Éifeachtúil

Bhí cláir leanúnacha um shábháil costais i bhfeidhm ag Bus Éireann le cúpla bliain anuas agus tá spriocanna dúshlánacha san áireamh i ngach buiséad bliantúil. Sábháladh timpeall 4% in 2008 agus in 2009, sin coigilteas timpeall €6m sa dá bhliain, gan aon tionchar ar leibhéil seirbhísí ná ar chaighdeán na seirbhísí a seachadadh.

Dar le tuarascáil choimisiúnaithe neamhspleách Deloitte de chuid na Roinne Iompair, is oibreoir éifeachtúil éifeachtach iompair phoiblí é Bus Éireann i gcomórtas le caighdeáin Eorpacha. Anuas air sin, tugann an tuarascáil le fios go bhfaigheann Bus Éireann níos lú fóirdheontas ná oibreoirí eile dá shamhail san Eoraip. I rith 2010, lean an chuideachta ag forfheidhmiú bearta breise éifeachtachta mar a moladh i dtuarascáil Deloitte. Áiríodh anseo, úsáid feithiclí ardchumais, comhtháthú leis an gClár Iompar Tuaithe agus seirbhísí iompair HSE, agus rannpháirtíocht sa tionscadal taispeána Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI).

I bhfianaise an choir chun donais gheilleagraigh shuntasaigh, láidrigh agus d'fhormhéadaigh an

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

chuideachta a chlár laghdaithe costais leanúnach agus laghdaíodh caiteachas ar phaisinéirí bóthair faoi €19m (10%) in 2010. Baineadh amach é seo trí athruithe i dtéarmaí agus coinníollacha, laghduithe i líon foirne, ciorrúcháin seirbhíse agus bearta eile.

Bhí na hathruithe le seirbhísí de réir thuarascáil Deloitte agus tharla siad tar éis athbhreithniú fairsing ar ár ngréasán. Dearadh na hathruithe seo chun leibhéil seirbhíse a thabhairt ar aon dul le héileamh paisinéara agus a mhéad seirbhísí agus is féidir a chothabháil leis an maoiniú atá ar fáil don chuideachta. Díríodh na hathruithe ar sheirbhísí le húsáid paisinéara íseal agus rinneadh formhór na n-athruithe ar mhinicíocht seirbhíse nó ar an mbealach a théann sé seachas ciorrúcháin. D'fhaomh an tÚdarás Iompair Náisiúnta (NTA) na hathruithe ar fad.

Tugadh isteach athruithe ar na téarmaí agus coinníollacha chomh maith i gcomhaontú leis na ceardchumainn agus leis an gCúirt Oibreachais, as ar eascair laghdú i gcostais phárolla agus sa líon foirne.

Rinneadh coigilteas breise i ngach réimse trí éifeachtúlachtaí ar fud na cuideachta agus ó chostais soláthróirí seachtracha a laghdú. Baineadh amach éifeachtúlachtaí i réimsí dála ragoibre agus neamhláithreachta, éifeachtachta breosla, dochar d'fheithiclí i dtimpistí agus cothabhála agus costas le busanna a fháil ar cíos.

Thug an chuideachta clár éicithiomána isteach i gcomhar le Cumann Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (Sustainable Energy Association Ireland). Tuartar go laghdóidh an clár seo na costais bhreosla faoi 5% ar a laghad gach bliain trí oiliúint a chur ar thiománaithe lena stíl tiomána a choigeartú. Sa mhullach air sin, baineadh coigilteas amach i gcostais soilsithe agus téimh trí shoilse ionduchtúcháin a ais-suiteáil i roinnt garáistí. Laghdaíodh ídiú leictreachais go mór agus feabhsaíodh an soilsiú de bharr na mbeart seo.

Úsáideadh teicneolaíocht chomh maith chun costais a laghdú. Laghdaíodh na huaireanta oscailte d'oifigí ticéad de bharr ardú i ndíolacháin ticéad ar líne agus úsáid meaisín díola ticéad.

Rinneadh an chuideachta coigilteas suntasach soláthair chomh maith i gcostais soláthróirí seachtracha le linn na bliana. Laghdaíodh costais ábhar agus seirbhísí faoi €1.8m ar an iomlán. Laghdaíodh na rátaí a íocadh le conraitheoirí chun busanna a fháil ar cíos agus le

**SÁBHÁLADH TIMPEALL 4% IN 2008 AGUS IN 2009, SIN COIGILTEAS TIMPEALL €6M SA DÁ BHLIAIN, GAN AON TIONCHAR AR LEIBHÉIL SEIRBHÍSÍ NÁ AR CHAIGHDEÁN NA SEIRBHÍSÍ A SEACHADADH.**

## Pleanáil Gréasáin

Le linn 2010, rinne Bus Éireann athbhreithniú leanúnach ar a ghréasán seirbhísí sceidealaithe lena chinntiú go raibh seirbhísí do chustaiméirí éifeachtacha á gcur ar fáil ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costais.

Baineadh amach éifeachtúlachtaí costais suntasacha i seirbhísí iompair scoile chomh maith trí phleanáil gréasáin d'fhonn acmhainní a úsáid ina n-iomláine, chomh maith le cónascadh bealaí agus idirbheartaíocht faoi rátaí conraitheora in athuair.

## Fóirdheontas

Fuair Bus Éireann fóirdheontas €45.0m ón Stát, mar íocaíocht ar Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí (PSO) in 2010, anuas ó €49.4m in 2009.

Mar a thug tuarascáil Deloitte le fios, faigheann Bus Éireann leibhéal íseal fóirdheontais i gcomparáid lena phiaraí Eorpacha. In 2010, bhain glanchostas €42.0m le Seirbhísí PSO a chur ar fáil.

Rialaíonn Conarthaí Iompair Phoiblí idir an tÚdarás Iompair Náisiúnta agus Bus Éireann maoiniú sheirbhísí PSO. Tá feidhm leis an gconradh reatha ar feadh cúig bliana go dtí 2014. Luaitear sa chonradh na caighdeáin i leith feidhmíocht oibriúcháin agus seirbhíse do chustaiméirí nach mór do Bhus Éireann a choinneáil. Sa bhliain 2010, chomhlíon an chuideachta na spriocanna feidhmíochta a leagtar amach sa chonradh.


# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## Treochtaí Margaidh

Le blianta beaga anuas, mhéadaigh Bus Éireann a ghréasán seirbhísí go suntasach ar fud na tíre. Ar a shon sin, de bharr an choir chun donais gheilleagraigh, bhí titim mhór ar an éileamh ar iompar poiblí de thairbhe an laghdaithe ar líon na ndaoine i mbun fostaíochta, an íslithe ar líon na ndaoine sa tír nach Éireannaigh iad, an mheatha mhóir ar chúrsaí miondíola, agus an trálachta mhóir ar líon na dturasóirí a tháinig chun na hÉireann. Dá bharr seo, laghdaigh líon na dturas paisinéara bóthair i mBus Éireann ó 42.2m in 2009 go dtí 42.2m in 2009, athrú 11.8%

| Turais chustaiméara | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| Seirbhísí Cathrach Cúige | 16,620 | 18,323 |
| Seirbhísí eile sceidealaithe | 20,640 | 23,929 |
| Scéim Iompar Scoile | 42,327 | 42,388 |
| **IOMLÁN** | **79,587** | **84,640** |

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009**







> **THUG BUS ÉIREANN €50.12M DON STÁTCHISTE IN 2010 TRÍ ÍOCAÍOCHTAÍ PAYE/PRSI, VAT, CÁIN CHARBÓIN, AGUS DLEACHT MHÁIL.**

## Mórfhostóir agus Cuideachta a Chuireann le Geilleagair Áitiúla

Is mórfhostóir náisiúnta é Bus Éireann ag a bhfuil fórsa saothair 2,704 ag láithreacha ar fud na tíre.

Tá 1,490 soláthróir breise, a chuireann timpeall 3,300 feithicil ar fáil, faoi chonradh le seirbhísí a sholáthar, don Scéim Iompar Scoile go príomha. Cruthaíonn ár ngníomhaíochtaí gnó fostaíocht do dhaoine i mórán earnálacha eile leis. Tugann na dreamanna seo earraí agus seirbhísí do Bhus Éireann go háitiúil agus go náisiúnta.

Thug Bus Éireann €50.12m don Státchiste in 2010 trí íocaíochtaí PAYE/PRSI, VAT, Cáin Charbóin, agus Dleacht Mháil.

## Seirbhísí Iompair Chomhtháite Áitiúil

De réir bheartas an Rialtais agus thuarascáil Deloitte, d'oibrigh Bus Éireann go dlúth le Pobal/leis an gClár Iompar Tuaithe (RTP), HSE, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus na Ranna Oideachais agus Scileanna agus Iompair chun réiteach Seirbhísí Iompair Chomhtháite Áitiúil (LITS) comhordaithe a fhorbairt a chuirfeadh seirbhísí iompar tuaithe agus seirbhísí iompair áitiúil ar fáil ar bhealach a thugann luach ar airgead trí phleanáil gréasáin agus úsáid acmhainní níos fearr.

Tugadh faoi réimse scéimeanna píolótacha le linn na bliana, inar nascadh seirbhísí RTP agus HSE le seirbhísí reatha Bhus Éireann. Tugadh faoi mheastóireacht sheachtrach ar na tionscadail thrialacha agus tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar a mholtaí le measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir sineirgí breise idir na rannpháirtithe ar fad a ghiaráil.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## Béim ar Phobail agus ar Chustaiméirí

Tá ardleibhéal sástachta i measc custaiméirí fós ag Bus Éireann. Tugann suirbhéanna neamhspleácha le fios arís go raibh sástacht i measc custaiméirí i dtaobh na cuideachta ag 88% in 2010, agus luaigh 95% de na freagróirí go molfaidís Bus Éireann do chara.

Anuas air sin, d'éirigh thar barr leis an gcuideachta i dtéarmaí sábháilteacht busanna (96%); foireann na stáisiún (92%); cairdeas tiománaithe (90%); agus soláthar faisnéise (89%).

Lean suíomh gréasáin Bus Éireann – www.buseireann.ie – de bheith ina acmhainn faisnéise agus pleanála turais a raibh an-tóir air don phobal a bhí ag taisteal, agus fuair an suíomh meán de 377,000 cuairteoir aonair sa mhí in 2010, arbh ionann é agus méadú 57% ón mbliain roimhe agus dá bhrí sin bhí suíomh gréasáin Bhus Éireann fós ar cheann de na suíomhanna gréasáin is mó a fuair cuairteoirí in Éirinn. Tháinig méadú os cionn 40% ar dhíolacháin trí shuíomh gréasáin na cuideachta le linn na bliana.

Mar aon le faisnéis agus agus ceannach ticéad, tá gné pleanála turais ar shuíomh gréasáin na cuideachta a chuireann ar chumas custaiméirí atá ag taisteal chuig cinn scríbe éagsúla ar fud na tíre féachaint ar na ceangail ar aghaidh ar féidir leo a dhéanamh le gréasán comhtháite Bhus Éireann.

Áirítear le tionscnaimh chustaiméara eile a forfheidhmíodh le linn na bliana amanna teachta agus imeachta suas go dtí an soicind a chur ar fáil do gach stop ar fud na tíre tríd an ngréasán idirlín agus SMS, triail a bhaint as Wi-Fi ar na seirbhísí idirchathrach, agus ticéid Iompar Scoile bheith ar fáil le ceannach ar líne.

## Feabhsúcháin Seirbhíse

Le linn 2010, thug Bus Éireann isteach roinnt feabhsúchán seirbhíse de réir éileamh custaiméara trí roinnt bealaí a athrú chun úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní reatha.

Áiríodh anseo imeachtaí breise gach lá a chur ar fáil ar Bhealach 111 Baile Átha Cliath-Baile Átha Troim-Baile Átha Buí-an Cabhán, nascacht níos mó a chur ar fáil idir an Cabhán, Gránard, Dealbhna agus Baile Átha Buí agus an tseirbhís a cheangal le líne nua iarnróid Dhún Búinne-Bhaile Átha Cliath ag an áis páirceála agus taistil in Ollpháirc M3.

Cuireadh an tseirbhís Nasc na Sionainne 343 a nascann Luimneach agus Aerfort na Sionainne in ionad na seirbhíse 343 a bhí ann. Cuireann seirbhís Nasc na Sionainne líon níos mó seirbhísí ar fáil idir Luimneach, an tSionna, Eastát Tionscail na Sionna agus Aerfort na Sionainne, agus feidhmíonn sí gach leathuair i rith bhuaicamanna na maidine agus an tráthnóna.

Cuireadh clárama nua ar fáil don tseirbhís 109A an Uaimh-Aerfort Bhaile Átha Cliath-DCU inar cuireadh seirbhísí luath ar maidin agus déanach sa tráthnóna ar fáil, mar aon le ceangailtí chuig Cill Dhéagláin agus Ikea i mBaile Munna.

Tar éis dhúnadh líne iarnróid Ros Láir-Port Láirge, thug Bus Éireann, i gcomhar leis an NTA, plean iompair áitiúil isteach do Loch Garman Theas. Mar thoradh ar an bplean seo, fairsingíodh seirbhísí cóiste agus bus sa cheantar agus bhí na seirbhísí i mbun feidhme ní ba mhinice ó láithreacha tuaithe sa réigiún. Ina theannta sin, cuireadh naisc dhíreacha chuig Cathair Phort Láirge, Baile Loch Garman, Ros Mhic Thriúin, WIT, ospidéil réigiúnacha agus ionaid sláinte chun feabhais.

Thug Bus Éireann isteach seirbhísí Luasbhealaigh nua agus athchóirithe le linn 2010 chomh maith a bhaineann an úsáid is fearr as an mbonneagar úr mótarbhealaigh agus a nascann le hAerfoirt na tíre más féidir ó thaobh na tráchtála de. Mar shampla, cuireadh seacht seirbhís dhíreacha chóiste sa lá ar fáil chuig Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire ó Shligeach agus ó Ghaillimh ar Bhealach 64, Gaillimh-Sligeach-Doire.

Úsáideadh an gréasán mótarbhealaigh chomh maith chun seirbhísí le stadanna teoranta a thabhairt isteach agus amanna taistil a fheabhsú idir Gaillimh agus Luimneach, agus Gaillimh agus Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Cuireann na seirbhísí ardmhinicíochta X51 Gaillimh-Luimneach an nasc cóiste is tapúla ar fáil idir an dá chathair le ham turais de 80 nóiméad sa dá threo. Is í an tseirbhís X20 Gaillimh-Aerfort Bhaile Átha Cliath an tseirbhís chóiste is tapúla ó Chathair na Gaillimhe chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath le ham turais 2 uair 40 nóiméad.

De bharr na gaolmhaireachta idir Bus Éireann agus an soláthróir iompair Gobus.ie atá bunaithe i nGaillimh, bhí níos mó tairbhí le baint ag Gobus.ie agus ag custaiméirí Bhus Éireann as an socrú sin trí níos mó seirbhísí a chur ar fáil dóibh idir Gaillimh-Cathair Bhaile Átha Cliath-Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Mar chuid de phlean leanúnach na cuideachta chun faisnéis ag stadanna bus agus ag scáthláin bus a fheabhsú, tógadh os cionn 50 scáthlán bus i gcomhar le comhpháirtí tráchtála na cuideachta. Tá gréasán d'os cionn 500 scáthlán ag Bus Éireann ar fud na tíre.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)



## Úsáid as Iompar Poiblí a Spreagadh

Cuireadh réimse fairsing tionscnamh margaíochta rathúla i bhfeidhm in 2010 d'fhonn cúnamh a thabhairt le seirbhísí a chur chun cinn, le custaiméirí a choinneáil agus le bealaí nach bhfuil ag déanamh go rómhaith a fheabhsú.  Leanfaidh na tionscnaimh seo ar aghaidh in 2011.

Áiríodh anseo táillí speisialta ar bhealaí áitiúla agus náisiúnta le taisteal a spreagadh i rith tréimhsí tábhachtacha, fearacht na saoire scoile agus ag druidim leis an Nollaig. Úsáideadh táillí promóisin ar bhealaí áitiúla ar leith nach raibh mórán tóra orthu freisin.

Bunaíodh comhphromóisin chomh maith le réimse tríú páirtithe, lenar áiríodh Dunnes Stores, Zú Bhaile Átha Cliath, Stóras Guinness, Allianz, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Burger King, miondíoltóirí áitiúla agus ionaid siopadóireachta.

Tugadh faoi fheachtas a bhí an-dírithe ar mhic léinn, agus bhí méadú ar líon na bpaisinéirí a bhí ina mic léinn dá thoradh.

Spreag ár bhfeachtas, Pas an tSamhraidh (Passport to Summer) taisteal teaghlaigh in Éirinn i rith an tsamhraidh, agus fuaireamar aiseolas iontach ó chustaiméirí ina thaobh. Tugadh isteach roinn tionscnamh chomh maith le comhlachtaí agus eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta turasóireachta chun turasóirí a spreagadh le taisteal le Bus Éireann agus iad in Éirinn.

I gcomhar le Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann, sheol Bus Éireann feachtas cur chun cinn suntasach don ticéad comaitéara a shábhálann cáin, a thugann coigilteas suntasach do chustaiméirí ar a gcostais chomaitéireachta.

Lean Bus Éireann lena dtionscnaimh mheáin dhigiteacha a bhfuil dámhachtain buaite acu le promóisin ar líne trína suíomh gréasáin, agus leathanaigh Facebook agus Twitter as ar eascair ardú suntasach i gceannach ticéad ar líne.

## Seirbhísí a Chothabháil i gCoinníollacha Deacra

Aithníonn Bus Éireann a ról mar phríomhsholáthróir iompair phoiblí ar fud na tíre agus léiríodh é seo roinnt uaireanta le linn 2010 nuair a chuir an chuideachta ardleibhéal seirbhísí ar fáil ar bhealach sábháilte i gcúinsí deacra.

I rith na haimsire contráilte i mí Eanáir agus i mí na Nollag 2010, choinnigh Bus Éireann – a bhuíochas le cúnamh na Roinne Iompair agus na Roinne Oideachais, an Gharda Síochána, an NRA agus na n-údarás áitiúil – an chuid ba mhó dá seirbhísí ar fáil ar fud na tíre lena chinntiú go raibh a gcustaiméirí in ann taisteal chuig an obair, chuig an scoil agus an gcoláiste, chuig na siopaí agus cuairt a thabhairt ar dhaoine muinteartha agus ar chairde. Cuireadh nuashonruithe rialta ar chur isteach ar an tseirbhís in iúl do chustaiméirí trínár suíomh gréasáin, láithreacha Facebook agus Twitter, mar aon leis na meáin áitiúla agus náisiúnta.

Bhí ról gníomhach agus luachmhar ag Bus Éireann mar bhall den Ghrúpa Aimsire Contráilte idirghníomhaireachta arna bhunú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le comhordú a dhéanamh ar an bhfreagra ilghníomhaireachta ar ghéarchéim na haimsire agus seirbhís faisnéise phoiblí a chur ar fáil.

Mar fhreagra ar an gcur isteach ar aerthaisteal le linn na tréimhse, d'oibrigh an chuideachta roinnt seirbhísí idirchathrach ar Lá Nollag lena chinntiú go raibh daoine ar cuireadh moill orthu in ann dul abhaile i gcomhair na Nollag.

Fuair an chuideachta líon mór comhfhreagrais ó chustaiméirí ag glacadh buíochais lenár bhfoireann as seirbhísí a chur ar fáil go sábháilte i rith na tréimhse seo.

In Aibreán agus Bealtaine nuair a b'éigean do mhórán aerfort dúnadh timpeall na hEorpa de bharr luaithreamhán bolcánach, chuir seirbhís Eurolines de chuid Bhus Éireann nasc ríthábhachtach iompair ar fáil idir Éire, an R.A. agus Mór-roinn na hEorpa. D'fhreagair Eurolines Bhus Éireann an géarchéim trí imeachtaí breise a chur ar fáil chuig an R.A. agus uaithi, agus d'oibrigh siad go dlúth lena gcomhpháirtithe ar fud na hEorpa le freastal ar an líon mór daoine a thaisteal ar Eurolines chuig Éirinn agus uaithi le linn na tréimhse sin.

Teastaíonn scileanna agus saineolas suntasach chun seirbhísí a chothabháil ar bhealach sábháilte i gcúinsí

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

mar seo agus d'aithin agus mhol an Rialtas tiomantas ár bhfostaithe chuige seo, go háirithe i dteagmhais le linn na haimsire contráilte.

## Iompar Scoile

Iompraíodh thart ar 125,000 páiste dhá uair in aghaidh an lae le linn na scoilbhliana faoin Scéim Iompar Scoile in 2010.

D'oibrigh Bus Éireann go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i rith 2010 d'fhonn a chinntiú go gcuirtear seirbhísí iompar scoile ar fáil faoin Scéim Iompar Scoile ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costas agus is éifeachtúla. Baineadh amach éifeachtúlachtaí suntasacha le linn na bliana trí scileanna bainistíochta gréasáin a úsáid le réimse seirbhísí a athchóiriú agus le leas níos fearr agus níos éifeachtaí as acmhainní feithicle a chur ar fáil.

Bhain dúshláin shuntasacha leis na teagmhais aimsire thromchúiseacha le linn na bliana chun seirbhísí bus scoile a sheachadadh.

Tá an Scéim Iompar Scoile bunaithe faoin tuath go príomha ag úsáid bóithre den dara grád agus ag freastal ar láithreacha iargúlta ina bhfuil cnoic go minic. Ina ainneoin seo, coinníodh an cur as do sheirbhísí chomh híseal agus ab fhéidir. Tugadh nuashonrú cuimsitheach laethúil a leag amach an staid gach maidin sna codanna éagsúla den trí don Roinn Oideachais agus Scileanna, agus coinníodh i ndlúth-theagmháil leis na húdaráis scoile, le hoifigí VEC agus leis na meáin chun an pobal a choinneáil cothrom le dáta faoi fhorbairtí.

Is í sábháilteacht ár leanaí scoile atá ag taisteal ar ár seirbhísí iompar scoile ár dtosaíocht is airde agus tugadh aird ar leith do chur chun cinn sábháilteachta ar bhusanna scoile, ar chumarsáid príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta, agus ar thionscnaimh chun leanaí scoile a spreagadh chuige seo ag leibhéal áitiúil ar fud na tíre.

Thug Seó Bóthair um Shábháilteacht ar Bhusanna Scoile Bhus Éireann cuairt ar os cionn 30 seó talmhaíochta in 2010 lena n-áirítear na Cluichí Pobail i mBaile Átha Luain. Thug an Seó Bóthair um Shábháilteacht ar Bhusanna Scoile, a oiriúnaíodh go speisialta, cuairt ar os cionn 30 scoil agus ionad scoile chun sábháilteacht ar bhusanna scoile a chur chun cinn i measc na mílte leanbh scoile.

**IOMPRAÍODH 125,000 PÁISTE DHÁ UAIR IN AGHAIDH AN LAE LE LINN NA SCOILBHLIANA FAOIN SCÉIM IOMPAR SCOILE IN 2010.**

Tugadh faoi chuairteanna scoile cuimsitheacha chun sábháilteacht ar bhusanna scoile agus caitheamh criosanna sábhála a chur chun cinn ar fud Dhún na nGall, agus i gCorcaigh, san Iarmhí, sa Chlár agus i gCill Dara, i measc contaetha eile.

Bhí Bus Éireann rannpháirteach go gníomhach i bhfeachtais sábháilteachta áitiúla chun sábháilteacht ar bhusanna a chur chun cinn ag imeachtaí ilghníomhaireachta in 2010 lena n-áirítear an clár 'Bí Sábháilte' i gcodanna éagsúla den tír, agus d'oibríomar leis na húdaráis áitiúla agus a nOifigigh Sábháilteachta. D'oibríomar chomh maith i gcomhar leis an nGarda Síochána, an RSA, an HSA, an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus na Seirbhísí Éigeandála d'fhonn teachtaireachtaí sábháilteachta tábhachtacha a thabhairt do leanaí scoile.

Bhí pearsanra Bhus Éireann ó gach cearn den tír lena n-áirítear lucht bainistíochta, oifigigh riaracháin, cigirí bus scoile, agus tiománaithe, páirteach i seachadadh na dteachtaireachtaí sábháilteachta tábhachtacha seo ag imeachtaí éagsúla.

Feabhsaíonn caighdeán agus raon na seirbhísí iompar scoile atá á sholáthar faoin Scéim Iompar Scoile i rith an ama; tugadh 95 seirbhís nua isteach sa bhliain 2010. Ar a shon sin, níor tháinig ach méadú 19 bhfeithicil ar líon na bhfeithiclí agus chuidigh pleanáil gréasáin éifeachtach agus chúramach go mór le héifeachtúlachtaí costais.

San am i láthair, tá 369 feithicil atá oiriúnach do chathaoir rothaí a sholáthraíonn seirbhísí iompar scoile gach lá scoile faoin Scéim, ag leanúint patrún méaduithe gach bliain sa líon feithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí atá in úsáid chun freastal níos fearr a dhéanamh ar leanaí atá ag taistil chun na scoile faoin Scéim gach lá.

De réir bheartas an Rialtais agus thuarascáil Deloitte, rinneadh tuilleadh scrúdaithe agus forbartha ar shineirgí féideartha idir iompar scoile, iompar tuaithe agus seirbhísí HSE in 2010.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)



## Ag tacú le Féilte agus Imeachtaí

D'oibrigh Bus Éireann cóistí chuig roinnt de na féilte is mó sa tír agus uathu le linn 2010. Ina measc bhí Oxegen i mBaile Phuinse, Electric Picnic sa Sráidbhaile, Ceolchoirmeacha Theach Lios an Daill, na Comórtais Náisiúnta Treabhdóireachta agus Féile Snagcheoil Chorcaí.

Thacaigh Bus Éireann freisin le himeachtaí ar nós Fhéile Ealaíon agus Ceoil Temple House i mBaile an Mhóta, Fhéile Sea Sessions i mBun Dobhráin, agus Fhéile Bia Mhall Shligigh.

### Imeachtaí Spóirt

Chuir Bus Éireann seirbhísí speisialta ar fáil chuig cluichí ceannais na hÉireann sa Pheil agus san Iománaíocht, agus chuig Cluiche Ceannais Iománaíochta Chúige Laighean.

Cuireadh seirbhísí speisialta ar fáil chomh maith chuig an Irish Open, Cluiche Ceannais Chorn an FAI, agus Rásaí na Gaillimhe, mar aon le seirbhísí tointeála ó chathair Luimnigh chuig Páirc Thuamhan do chluichí rugbaí Chúige Mumhan.

Chuir Bus Éireann iompar ar fáil d'os cionn 12,500 duine i rith na cúig lá a raibh Cluichí Oilimpeacha Speisialta na hÉireann ar siúl i Luimneach i Meitheamh. D'éirigh go hiontach leis an imeacht agus moladh Bus Éireann agus an fhoireann as a rannpháirtíocht in 2,500 lúthchleasaí agus a gcóitseálaithe, mar aon le 5,000 oibrí deonach agus 5,000 tacóir a iompar le linn na gCluichí.

## Rannpháirtíocht Pobail

Lean Bus Éireann lena dtiomantas do phobail ar fud na tíre lena dtacaíocht do thionscadail áitiúla.

Mar shampla, thacaigh Bus Éireann le roinnt imeachtaí áitiúla don Oíche Chultúrtha i gCorcaigh agus i Sligeach lena n-áirítear óstáil ceolchoirmeacha le grúpaí ceoil áitiúla ag stáisiúin bus i Sligeach agus seirbhísí speisialta i gCorcaigh chuig imeachtaí Oíche Chultúrtha.

Lean Bus Éireann lena dtacaíocht d'fhorbairt na Gaeilge trí chuidiú le feachtas Ghaillimh le Gaeilge leanaí a chónaíonn agus a thugann cuairt ar an Iarthar a spreagadh le Gaeilge a labhairt trí tháille fillte lae speisialta a chur ar fáil chuig ceantair Ghaeltachta an Chlocháin agus Chonamara. Sheol an tAire Coimirce Sóisialaí, Éamon Ó Cuív, T.D., agus Cathaoirleach Choiste an Oireachtais ar Iompar, Frank Fahey, T.D. an tionscnamh.

Thacaigh Bus Éireann chomh maith le feachtais eagraíochtaí cosúil le unicef, Reachout.com (seirbhís tacaíochta meabhairshláinte do dhaoine óga), One City de chuid Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, feachtas frithchiníochais One People, agus feachtas St Vincent de Paul 'Toys for Tubs'.

Bhí ról gníomhach ag Bus Éireann chomh maith ag oibriú leis an Roinn Iompair, agus le comhlachtaí Stáit agus áitiúla eile chun Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa a chur chun cinn, ar tionscnamh é chun úsáid níos mó as iompar poiblí a spreagadh ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

## Brú Tráchta

Cé nach raibh brú tráchta chomh hard agus agus a bhí blianta roimhe sin de bharr an choir chun donais gheilleagraigh, bhí sé ina bhac suntasach go fóill ar ár n-oibríochtaí, a mbíonn tionchar aige ar chostais na cuideachta agus ar iontaofacht na seirbhíse. Teastaíonn dul chun cinn leanúnach má tá na míbhuntáistí ag eascairt as brú tráchta le laghdú agus chun iompar poiblí a dhéanamh níos mealltaí ná an carr.

De bharr brú tráchta, oibríonn seirbhísí Bhus Éireann, go háirithe iad siúd ag buaicamanna, ag luasanna oibríochta i bhfad níos moille agus dá bharr sin méadaítear amanna na dturas. Bíonn tionchar suntasach aige seo ar iontaofacht sheirbhísí na cuideachta.

Tá sreabhadh tráchta agus meánluasanna i bhfad níos measa ná i gcathracha agus bailte inchomparáide i dtíortha eile na hEorpa. Le dul i ngleic leis an bhfadhb seo, thug Bus Éireann tacaíocht le fada an lá do thabhairt isteach lánaí bus agus bearta tosaíochta bus i gcathracha agus i mbailte ar fud na hÉireann. Nuair a fhaightear níos mó spáis ar an mbóthar gearrtar amanna turais, rud a ardaíonn mealltacht an iompair phoiblí. Laghdaíonn sé seo an líon carranna príobháideacha ar an mbóthar, a fheabhsaíonn coinníollacha tráchta ginearálta agus a laghdaíonn astuithe.

## Bearta Tosaíochta Bus

Tá tabhairt isteach bearta tosaíochta bus ríthábhachtach chun seirbhís éifeachtach ó thaobh costais agus éifeachtúil a sholáthar dírithe ar riachtanais custaiméirí a shásamh.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Is fíorthábhachtach iad bearta cosúil le Bealaí Glasa agus Mórlánaí Bus chun an bus a scaradh ó thranglam tráchta agus le hiontaofacht agus le tarraingteacht iompair phoiblí a fheabhsú.

Leanann lucht bainistíochta Bhus Éireann, go náisiúnta agus go háitiúil, orthu ag comhoibriú go dlúth le húdaráis áitiúla agus náisiúnta d'fhonn Bealaí Glasa agus Mórlánaí Bus a chur chun cinn.

## Páirceáil agus Taistil

Oibríonn Bus Éireann seirbhís Páirceála agus Taistil na Fuinnseoige Duibhe i gCorcaigh faoi chonradh le Comhairle Cathrach Chorcaí. Lean an t-éileamh ar an tseirbhís i measc custaiméirí. I mbliana, d'oibrigh Bus Éireann seirbhís speisialta Páirceála agus Taistil do shiopadóirí Nollag a thug cuairt ar chathair Corcaí i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí, le Comhairle Cathrach Chorcaí agus leis an nGarda Síochána.

D'oibrigh Bus Éireann Páirceáil agus Taistil na Nollag go rathúil ó Ráschúrsa na Gaillimhe thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

## Sochair Chomhshaoil

Sásaíonn gach feithicil nua na caighdeáin astuithe is airde san AE. Ciallaíonn na breisithe seo go gcloíonn 40% de chabhlach Bhus Éireann leis na caighdeáin seo, rud a chuidigh le laghdú ollmhór in astuithe carbóin na cuideachta.

Tá an chuideachta ag obair chomh maith le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun réimse tionscnamh atá cairdiúil don chomhshaol a fhorfheidhmiú ina láithreacha agus ar fheithiclí, a dearadh chun dramhaíl, úsáid breosla agus astuithe a laghdú.

Tá sochair chomhshaoil curtha chun cinn chomh maith ag Bus Éireann i dtaobh comaitéirí cairr a úsáideann an bus uair amháin ar a laghad sa tseachtain d'fhonn a n-astuithe carbóin a laghdú.

## Seirbhís níos Fearr do Chustaiméirí tríd an Teicneolaíocht

In 2010, bhí Bus Éireann ar cheann de na chéad soláthraithe iompair phoiblí san Eoraip a chuir córas náisiúnta faisnéis fíor-ama do phaisinéirí i bhfeidhm.

Baineann an córas seo leas as córais rianaithe GPS agus as teicneolaíocht Uathláthair Feithicle (AVL) leis an bhfaisnéis is déanaí a thabhairt do chustaiméirí faoi bhusanna isteach agus faoi bhusanna amach ag stadanna bus ar fud ár ngréasán trí SMS agus tríd an idirlíon.

Insíonn faisnéis fíor-ama do chustaiméirí go díreach nuair a bheidh an chéad bhus eile ag a stad, seachas am sceidealaithe teachta an bhus, a athraíonn uaireanta de bharr brú tráchta, oibreacha bóthair, malairtí slí agus droch-choinníollacha aimsire. Taitníonn an córas go mór le custaiméirí.

Tá Bus Éireann ag obair chomh maith leis an NTA ar an tionscadal Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI), a mheastar a fheicfidh timpeall 500 taispeántas RTPI curtha in airde ag stadanna bus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gcathair Chorcaí faoi dheireadh 2011.

Chomh maith leis sin, chuir Bus Éireann Wi-Fi ar fáil do chustaiméirí ar roinnt seirbhísí idirchathrach le linn na bliana ar bhonn trialach. Fuarthas aiseolas dearfach ó chustaiméirí i dtaobh infhaighteacht Wi-Fi agus táthar ag súil anois é a leathnú chuig seirbhísí eile idirchathrach le linn 2011.

## Inrochtaineacht

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn maidir le soláthar seirbhísí inrochtana.

Tá seirbhísí na cathrach go hiomlán inrochtana, chomh maith le mórsheirbhísí baile cosúil le Baile Átha Luain, Sligeach, Dún Dealgan agus Droichead Átha.

Thug Bus Éireann seirbhísí isteach atá oiriúnach do chathaoir rothaí sna seirbhísí idirchathrach seo a leanas: Port Láirge-Corcaigh; Gaillimh-Béal an Átha; agus Gaillimh-Baile Átha Luain, chomh maith le seirbhís 109A, an Uaimh-DCU-Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Is é an príomhdhúshlán a bhaineann le seirbhísí inrochtana a sholáthar lasmuigh de sheirbhísí baile agus cathrach ná spás agus áiseanna leordhóthanacha a chur ar fáil ag stadanna bus chun a chinntiú go n-úsáidtear ardaitheoir do chathaoir rothaí go sábháilte ar chóistí. Faoin bPlean Earnála, tá cúrsaí inrochtaineachta ag stadanna bus faoi fhreagracht na n-údarás áitiúil.

Tá os cionn 280 cóiste agus bus nua a ceannaíodh le blianta beaga anuas faoi Iompar 21 agus le hacmhainní na cuideachta féin, inrochtana trí rochtain urláir ísil,

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

rochtain "glúine" ina n-íslítear an fheithicil chun bealach isteach san fheithicil a thabhairt ar aon chéim leis an gcolbha, nó ardaitheoir cathaoir rothaí. Áirítear leo seo cóistí agus busanna dhá urlár le hurlár íseal inrochtana ar roinnt bealaí comaitéara cosúil le bealach an Chabháin-Cheanannais-na hUaimhe-Dhún Seachlainn-Bhaile Átha Cliath, bealach Bhaile Átha Buí-Bhaile Átha Troim-Bhaile Átha Cliath agus bealach Éadan Doire-Bhaile Átha Cliath.

Tháinig Grúpa Úsáideoirí Míchumais Bhus Éireann, ina bhfuil baill eagraíochtaí ionadaíochta, le chéile ceithre huaire le linn na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ag Bus Éireann sa réimse seo, lena n-áirítear tionscadail bonneagair.

## Bainistíocht Sábháilteachta agus Riosca

Is í sábháilteacht ár gCustaiméirí agus ár bhfoirne príomhthosaíocht Bhus Éireann. Leanann an bhainistíocht ag atreisiú cultúr sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Mar chuid de seo, lean an chuideachta ag infheistiú in oiliúint do bhaill foirne cosúil le Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) agus oiliúint theicniúil don fhoireann cothabhála in 2010. De réir beartais, déanann an chuideachta athbhreithnithe agus nuashonruithe rialta ar na córais bhainistíochta sábháilteachta.

Déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar Ráiteas Sábháilteachta Bhus Éireann.

## Uasghráduithe Garáiste

Rinneadh obair athchóirithe ar chuid mhór dár ngaráistí le linn na bliana lena n-áirítear uasghrádú ar chlaiseanna, díonta, córais leictreacha, córais teasa, stóráil ceimiceán, péinteáil urlár, agus córais agus bonneagar sábháilteachta agus plúchta dóiteán.

Leanadh le huasghrádú trealamh garáiste i ngach láthair lena n-áirítear na huirlisí diagnóiseacha ríomhaire is déanaí.

## Infheistíocht i nDaoine

In 2010, lean Bus Éireann lena n-infheistíocht leanúnach in oiliúint agus i bhforbairt foirne, i measc gach grúpa foirne.

## Oiliúint Tiománaithe

In 2010, tugadh faoin tríú modúl den oiliúint CPC arna fhaomhadh ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre le linn na bliana. Cuireadh oiliúint i dtaobh éicithiomána ar os cionn 250 tiománaí chomh maith.

Cuireadh oiliúint ar theagascóirí i dtiomáint chosantach agus in éicithiomáint agus fuair siad oiliúint i Sláinte agus Sábháilteacht ag leibhéal Fetac 5 mar ullmhú do sheachadadh tríú modúl an CPC do Thiománaithe.

Rinneadh nuashonrú ar Lámhleabhar an Tiománaí agus Ticéadaithe in 2010 chomh maith agus cuireadh chuig gach tiománaí é. Cuireadh Feasachán Ráithiúil um Shábháilteacht Tiománaí ar fáil chomh maith.

## Foireann Cothabhála

Rinneadh cuid mhór oiliúint theicniúil in 2010 mar ullmhú d'fhorfheidhmiú plean trí bliana do gach oibrí ceirde. Sa mhullach air sin, rinneadh oiliúint a theastaíonn go reachtúil d'oibrithe ceirde cosúil le hoibriú ag airdí, oiliúint aerchóirithe F-ghás, oiliúint gabhaltrucail ardaithe, agus cúrsaí éagsúla do gach grád, maor dóiteáin, garchabhair etc chomh maith. Fuair roinnt ball foirne oiliúint bainistíochta CPC chomh maith.

## Oiliúint Printíseach

Lean oiliúint printíseach ar aghaidh, le hearcú 16 phrintíseach nua in 2010. Tugann na printísigh faoi chlár oiliúna ceithre bliana, arna chur ar fáil ag Bus Éireann i gcomhar le FÁS.

## Foireann Chléireachais

Cuireadh roinnt cúrsaí oiliúna ar fáil do bhaill foirne ábhartha i rith na bliana lena n-áirítear oiliúint ar chórais nua agus reatha I.T., a úsáidtear go forleathan laistigh den ghnólacht, mar aon le réimsí cosúil le bainistíocht daoine agus ama, ar scileanna tábhachtacha iad de réir mar a dhéanann an chuideachta iarracht éifeachtúlachtaí breise a úsáid le fórsa saothair laghdaithe.

## An Duaischéim

Tríd an Duaischéim, scéim atá oscailte do gach ball foirne, cuireadh réimse cúrsaí ar fáil don fhoireann le cuidiú leo a scileanna a fhorbairt san ionad oibre.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## Forbairt Bainistíochta

Lean Bus Éireann ag tabhairt urraíochta do roinnt baill foirne ar chlár Dioplóma i Staidéir Bainistíochta don Earnáil Iompair. Díríonn an cúrsa seo, arna reáchtáil ag Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach (CIT), ar dhaoine a bhfuil scileanna acu i réimse bainistíochta daoine a fhorbairt agus tuiscint iomlán a thabhairt dóibh ar an timpeallacht ghnó níos leithne ina bhfeidhmíonn Bus Éireann. D'éirigh le dhá bhall foirne is tríocha an clár Dioplóma a chríochnú agus tá ochtar mac léinn ag freastal ar an dara bliain den chúrsa faoi láthair.

Lean Bus Éireann chomh maith ag infheistiú ina dtaithí bainistíochta le linn na bliana le baill foirne ag tabhairt faoi chláir forbartha gairmiúla éagsúla.

## Ceadúnú/Beartas Bus

### Conradh Dámhachtana Dírí do sheirbhísí PSO

Leanann Bus Éireann ag feidhmiú gréasán seirbhísí oibleagáid na seirbhíse poiblí (PSO), lena n-áirítear seirbhísí cathrach agus áitiúla, faoi chonradh dámhachtana dírí leis an Údarás Iompair Náisiúnta.

### Ceadúnú Tráchtála

Go deireanach in 2010, bhog ceadúnú seirbhísí bus paisinéirí poiblí ón Roinn Iompair chuig an Údarás Iompair Náisiúnta. De réir treoirlínte ceadúnaithe a nuashonraíodh le déanaí agus an tAcht PTR 2009, tig leis an NTA anois iarratais ar cheadúnais a dhéanann Bus Éireann agus oibreoirí príobháideacha araon a dheonú nó a dhiúltú.

## Léargas Ginearálta ar Úsáid Fuinnimh Bhus Éireann in 2010

Is ionann an breosla díosail a úsáideann an cabhlach 1,300 feithicil agus os cionn 96% d'ídiú fuinnimh bliantúil Bhus Éireann (os cionn 28 milliún lítear díosail sa bhliain). Úsáidtear leictreachas i gcomhair soilsithe (taobh istigh agus taobh amuigh), trealamh oifige agus comhbhrúiteoirí garáiste ceardlainne. Baintear sochar as gás nádúrtha agus ola téimh i gcomhair téamh spáis oifigí agus ceardlann.

**In 2010, ba é seo a leanas ídiú fuinnimh Bhus Éireann:**

- D'úsáid an cabhlach bus 28,195,930 lítear díosail
- Úsáideadh 6,505,958 aonad leictreachais
- Úsáideadh 3,423,962 aonad gáis
- Úsáideadh 134,306 lítear ola téimh

**Nuair a aistrítear chuig aonaid chaighdeánaithe iad, is iad seo a leanas iomlán na gcineálacha fuinnimh:**

- 297,467 MWh Díosal a d'úsáid an cabhlach bus (96.5%)
- 6,506 MWh Leictreachas (2%)
- 3,424 MWh Gás (1%)
- 1,417 MWh Ola téimh (0.5%)



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Sa bhliain 2010, chuir Bus Éireann traidhfil clár i gcrích le Bainistíocht Fuinnimh a dhéanamh foirmeálta san eagraíocht agus lena nÉifeachtúlachtaí Fuinnimh a chur chun feabhais. Ina measc bhí said seo a leanas:

- Cáipéis Straitéise um Bainistíocht Fuinnimh Bhus Éireann a fhorbairt agus a scaipeadh.
- Chuaigh Bus Éireann i gcomhpháirt le Clár Comhpháirtíochta Eiseamláire Fuinnimh SEAI.
- Ceapadh struchtúir bainistíochta inmheánacha, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, chun éifeachtúlachtaí bainistíochta fuinnimh san eagraíocht a chur chun cinn.
- Chomhlíon Foireann Fuinnimh Láir Bhus Éireann an chéad chéim de chúrsa oiliúna EnergyMAP de chuid SEAI i mí Lúnasa.
- Socraíodh rochtain ghréasáin ar bhillí fóntais do phearsanra Bhus Éireann. Éascaíonn sé seo mionanailís agus bainistiú sonraí i dtaobh ídiú fuinnimh leictreachais agus gáis i gcomhair suíomhanna aonair san eagraíocht tríd síos.
- Rinneadh nósanna imeachta i leith meastóireachta agus tuisceana ar éifeachtacht fuinnimh le linn phróiseas an tsoláthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Siocair go n-úsáideann a gcabhlach feithiclí féin móramh d'ídiú bliantúil fuinnimh Bhus Éireann, cuireadh ídiú breosla sa réimse seo i dtús áite faoi choinne roinnt tionscnamh. Tá siad seo a leanas ina measc:

- Clár oiliúna éicithiomána do 250 tiománaí i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair.
- Cuireadh Tionscadal Monatóireachta um Dháileadh Breosla i bhfeidhm le sonraí leictreonacha a sholáthar faoi ídiú breosla feithiclí do chabhlach na Cuideachta.
- Feachtas poiblíochta inmheánach chun tiománaithe a chur ar an eolas maidir le dramhaíl fuinnimh agus astuithe sceithphíopa a tharlaíonn de bharr réchasadh innill.

Athchóiríodh Garáistí na Cloiche Leithne agus Phort Láirge agus cuireadh córais soilsithe tíosach ar fhuinneamh isteach.

## Cláir agus Tionscnaimh a Bheartaítear do 2011

- Beartas Fuinnimh a réiteach atá bunaithe ar Straitéis Bainistíochta Fuinnimh na Cuideachta.
- Triail as córais bhainistíochta an chabhlaigh feithiclí ar bord (teileamaitic) a thabhairt chun críche a éascaíonn modh níos fearr tiomána. Beidh sé seo ina ábhar le héifeachtacht fuinnimh níos fearr.
- Córas tomhais um réchasadh innill a chur i bhfeidhm do chabhlach feithiclí le cainníochtú a ligean agus le cúrsaí a chur chun feabhais dá bharr.
- Anailís agus cur i bhfeidhm más gá an Chláir Éicithiomána.
- Leanúint ag uasghrádú soilsiú ceardlann chun córais atá tíosach ar fhuinneamh a mhéadú.
- Mórthomhaltóirí fuinnimh a shainaithint agus a mheas i láithreacha aonair.
- Feidhmíocht/éifeachtacht córais gáis agus téimh ola a mheas i láithreacha Bhus Éireann.
- Próiseas a dhéanamh foirmeálta faoi choinne sainaithint inmheánach deiseanna do choigilteas fuinnimh ar bhonn leanúnach.
- Éifeachtacht fuinnimh a chur chun cinn agus cultúr éifeachtacht fuinnimh a fhorbairt sa Chuideachta trí fheachtas inmheánach feasachta sa chuideachta.



# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

**Stiúrthóirí amhail an 28 Márta 2011**

An Dr John J. Lynch, Cathaoirleach
Susan Donohoe
John Griffin
Tom Hussey
John Moloney
Bill McCamley
Micheál Ó Faoláin

**Príomhfheidhmeannach**

Martin Nolan

**Rúnaí agus Oifig Chláraithe**

Andrea Keane, an Chloch Leathan, BÁC 7. Teileafón: 00 353 1 703 3447
Facs: 00 353 1 703 3486 Suíomh Gréasáin: www.buseireann.ie
Uimhir Chláraithe: 119570

**Iniúchóirí**

PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
1 Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile (ar lean)



## Bord Stiúrthóirí

### An Dr John Lynch

Ceapadh an Dr John Lynch ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar CIÉ agus ar a gcuid fochuideachtaí a chéaduair i mí an Mhárta 2000. Sular ceapadh é do Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ, bhí sé ina Chathaoirleach agus ina Ard-Stiúrthóir ar FÁS. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Gáis agus ar Airmheán Táirgiúlachta na hÉireann. Bhí sé ina stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí príobháideacha leis. Bhain John cáilíocht amach mar innealtóir in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail sé ar Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath freisin agus ghnóthaigh sé BComm amach i 1971 agus MBA i 1974. Sa mhullach air sin, shaothraigh sé dochtúireacht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

### Susan Donohoe

Ceapadh Susan Donohue ar an mBord ar dtús i mí an Mhárta 2010. Is comhalta í Susan de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus tá taithí aici i réimse leathan ról airgeadais ó 1978 i leith. D'oibrigh Susan i gcleachtas ar feadh 16 bliana agus b'iniúchóir cláraithe í ó 1997 go 2003. Bhí ról aici mar bhainisteoir airgeadais i réimse éagsúil tionscal chomh maith. Céimí de chuid UCD, bhíodh Susan ina ball de Chomhairle CERT agus ball de bhord eatramhach Fháilte Éireann. Ceapadh Susan ina Cathaoirleach ar Ghrúpa um Athbhreithniú Iniúchta Bhus Éireann le linn 2010.

### John Griffin

Ceapadh John Griffin ar an mBord ar dtús i mí na Bealtaine 2009. D'fhreastail John ar feadh tríocha bliain mar Fhostaí sa tSeirbhís Phoiblí le O.P.W. agus an Post. Bhí sé i seilbh oifige tofa ar feadh tríocha bliain beagnach le Comhairle Contae Luimnigh agus ar Choistí. Bhí sé ina Bhall de Chomhlacht Rialála Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, agus ina Bhall de Choiste Iniúchta Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí. Tá sé mar Bhall d'Institiúid Oideachais Luimnigh, agus ina Bhall de Choiste Iniúchta L.I.T. Cathaoirleach Iontaobhaithe Chuan Fhainge. Cathaoirleach Choiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh. Cathaoirleach ar Choiste Airgeadais I.V.E.A. le deich mbliana.

### Tom Hussey

Ceapadh Tom ar an mBord i mí na Nollag 2010. Is iar-Ionadaí Poiblí é Tom agus bhí sé ina T.D. do Thoghcheantar na Gaillimhe Thoir idir 1969 agus 1981. Bhí sé ina Aire Stáit do Thalmhaíocht, Sláinte agus Leas Sóisialach ó 1977 go 1981 agus toghadh é dá éis mar Sheanadóir agus bhí sé ar an bPainéal Talmhaíochta ar feadh 12 bhliain go dtí 1992.

Bhí Tom ina Chathaoirleach ar Chomhairle Contae na Gaillimhe ar feadh ceithre bliana as a chéile i lár na 1970idí agus bhí se mar chathaoirleach ar Bhord Sláinte an Iarthair chomh maith.

Céimí de chuid OÉ Gaillimh é, agus d'fhóin Tom mar bhall ar Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe mar Stiúrthóir Aontas agus ar an mBord Oideachas Aosach Náisiúnta. Bhí sé ina stiúrthóir ar Chuideachta Caladh Bhaile Átha Cliath ó 2002 go 2010.

### John Moloney

Ceapadh John Moloney don Bhord i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh John ag oibriú le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile (ar lean)

## Bord Stiúrthóirí (ar lean)

### Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley don Bhord a chéaduair i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Bill ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de SIPTU agus rinne sé ionadaíocht d'oibrithe bus ag leibhéal áitiúil agus brainse leis na blianta.

### Micheál Ó Faoláin

Ceapadh Micheál Ó Faoláin ar an mBord ar dtús i mí Feabhra 2011. Iarstiúrthóir ar Bhord Gáis Éireann é, agus chaith Micheál tamall ar Fhochoistí Iniúchta agus P.R. mar aon le bheith ina stiúrthóir ar chuideachta comhfhiontair C.H.P C M Power.

Mar iar-phríomhoide meánscoile, tá taithí phraiticiúil ag Micheál maidir leis an Scéim Iompar Scoile.

Tagann taithí gnó eile óna stiúrthóireachtaí ar Telcotec, soláthróir um chóras cúloifige guthán póca; Three Rock Media, cuideachta oiliúna ar líne i réimse na grianghrafadóireachta/ceamara láimhe; agus Athgal, gnólacht sainchomhairliúcháin gnó/oideachais.

Is Céimí Dán agus Dlí ó OÉ Gaillimh é Micheál, agus tá Dioplóma i gCaidrimh Thionsclaíocha aige chomh maith ón N.C.I.R.



# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010**

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair de réir a n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 1963 go 2009 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Tá ráitis airgeadais na cuideachta agus na nótaí lena mbaineann, atá mar chuid de na ráitis airgeadais agus san áireamh sa tuarascáil seo, réitithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is cuideachta bainistíochta iompair atá i mBus Éireann, arb iad a bpríomhghníomhaíochtaí bainistíocht agus pleanáil gréasán comhtháite seirbhísí, ag úsáid a n-acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheora. Clúdaíonn an gréasán comhtháite seo seirbhísí cóiste fadréimseacha, seirbhísí bus áitiúla, tuaithe, comaitéara, cúige, cathrach agus baile. Tá an chuideachta freagrach chomh maith as bainistíocht agus as soláthar na Scéime Iompar Scoile ar fud na tíre ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Bhí easnamh €2.24m ag an gcuideachta tar éis íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí de €45.04m. Tháinig laghdú 4.99 milliún turas ar thurais paisinéirí bóthair agus tháinig laghdú 0.61 milliún turas ar thurais scoile in 2010.

Tháinig laghdú €16.79m ar ioncam go dtí €285.87m i mbliain ina raibh trádáil an-deacair le méadú in iomaíocht ar na gnéithe is luachmhaire den ghréasán. Tháinig laghdú ar phárolla agus costais bhainteacha chuig €136.95m le linn na bliana.

Tháinig laghdú €13.02m ar chostais ábhair agus seirbhísí le linn 2010.

Leanann an chuideachta lena bhfócas láidir ar chaighdeán agus éifeachtacht a seirbhísí a fheabhsú do na custaiméirí ar fad. Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht na cuideachta, déanann an bhainistíocht agus stiúrthóirí na cuideachta araon athbhreithniú rialta ar tháscairí tábhachtacha feidhmíochta i leith cúrsaí airgeadais agus oibriúcháin.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na cuideachta don bhliain ar fáil san Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar leathanaigh 2 go 12.

## Torthaí agus Cúlchistí

Leagtar amach go mion na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 ar leathanaigh 22 go 36. Léiríonn na torthaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 easnamh €2.24m (2009: Easnamh €11.17m).

## Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Tá Grúpa um Athbhreithniú Iniúchta ag Bord Bhus Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, rialuithe inmheánacha agus cúrsaí comhlíonta, éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus bainistíocht riosca. Coinníonn an chuideachta clár riosca agus nuashonraítear é le hathbhreithniú ag na stiúrthóirí agus an bhainistíocht sinsir ar bhonn leanúnach.

Tá Coiste Sábháilteachta Boird agus Fochoiste Cothabhála Boird i bhfeidhm chomh maith chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta, ar chúrsaí cothabhála agus ar nósanna imeachta agus tuairiscíonn siad chuig Bord Bhus Éireann.



**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010**

## Infheistíocht Chaipitil

I rith 2010, infheistíodh €1.47m in I.T. agus cothabháil, lena n-áirítear €0.6m ar Chóras Sábháilteachta Cabhlaigh d'fheithiclí.

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/ Coiste

Tá sonraí tinreamh na stiúrthóirí i rith 2010 liostaithe thíos.

| Ainm | Bord BÉ | | Cothabháil |
|---|---|---|---|
| An Dr John J. Lynch | 11/11 | | |
| Richard Langford | 4/4 | | |
| Jim Byrne | 8/8 | 10/10 | 4/4 |
| John Griffin | 10/11 | | 4/4 |
| Tom Hussey | 1/1 | | |
| John Pender | 4/4 | | |
| John Moloney | 11/11 | 7/10 | 3/4 |
| Tras Honan | 10/11 | 10/10 | |
| Bill McCamley | 10/11 | | |
| Susan Donohoe | 9/9 | | |

## Rannpháirtíocht Fostaí

Reáchtáladh cruinnithe ráithiúla de na comhairlí áitiúla le linn 2010. Chuir rúnaithe comhairlí áitiúla saincheisteanna chun tosaigh le plé ag ardchruinnithe grúpa.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta do leas a bhfostaithe a chinntiú trí áit shábháilte oibre a chothabháil agus trí chloí leis an reachtaíocht fostaíochta ábhartha lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig Coiste Sábháilteachta Bhord Bhus Éireann, a bunaíodh ag leibhéal Fobhoird in 2004, le chéile deich n-uaire le linn na bliana. Déanann an coiste seo monatóireacht ar shábháilteacht na cuideachta in aghaidh plean sábháilteachta bliantúil agus spreagann siad an rannpháirtíocht is leithne i bhfeasacht sábháilteachta agus cosc tionóisc sa chuideachta.

## Rialachán AE (Íocaíocht Dhéanach) 2002

Tuigeann na stiúrthóirí a bhfreagracht maidir le comhlíonadh a chinntiú, i ngach ngné ábhartha, le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach) 2002. Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a shainaithint ar a mbíonn sonraisc dlite agus lena chinntiú go n-íoctar iad faoi dhátaí áirithe. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha le rialacháin.

## Comhionannas and Éagsúlacht

Faoi mar is gá faoin Acht um Míchumas 2005, leanann Bus Éireann ag déanamh monatóireachta ar líon a bhfostaithe atá faoi mhíchumas. Ó thosaigh Bus Éireann an próiseas monatóireachta seo, tá ardú beag ach seasta tagtha ar an líon fostaithe faoi mhíchumas.

Tá tús curtha ag Bus Éireann anois le tionscnamh leis an Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachta *(The National Institute for Intellectual Disability)* (NIID) ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is institiúid cuimsitheach atá san NIID a dhíríonn ar fhoghlaim feadh an tsaoil do dhaoine faoi mhíchumas intleachta.

Ag an NIID, tig le mic léinn faoi mhíchumas intleachta bheith páirteach i gclár faofa lánaimseartha dhá bhliain i gColáiste na Tríonóide. Sa dara bliain den chlár, caithfidh na mic léinn ar a laghad 70 uair an chloig taithí oibre a dhéanamh agus tá beirt mhac léinn anois ar thaithí oibre le Bus Éireann. Is tionscnamh an-rathúil atá anseo go dtí seo agus measann Bus Éireann go leanfaidh sé ar aghaidh leis agus go méadóidh sé.

Lean Bus Éireann de bheith rannpháirteach leis an Údarás Comhionannais agus le cuideachtaí eile iompair i gclár chun seirbhísí iompair a chur ar fáil do gach aois.

De réir "Bheartas Dínit agus Meas ag an Obair" cuimsitheach na cuideachta, tá painéal inmheánach d'eadránaithe oilte bunaithe ag Bus Éireann. Trí fhorbairt a dhéanamh ar an ngrúpa scileanna seo laistigh den eagraíocht, tá Bus Éireann ag tógáil ar a dtiomantas chun timpeallacht oibre dhearfach a chruthú ina bhfuil fáilte

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)



**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010**

roimh gach fostaí, custaiméir, conraitheoir agus cuairteoir agus ina gcaitear go cuí leo.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a thóg na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí oibleagáidí na cuideachta chun leabhair chuí chuntais a choimeád, córais agus nósanna imeachta feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Bus Éireann, an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010 nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ba stiúrthóirí iad ar feadh na bliana iomláine seachas aon áit ina bhfuil a mhalairt léirithe.

An Dr John J. Lynch Cathaoirleach

Tras Honan (Sínithe chuig an 9 Feabhra 2011)

Jim Byrne (Ar scor an 22 Meán Fómhair 2010)

Richard Langford (Ar scor an 28 Aibreán 2010)

John Moloney

Bill McCamley

Tom Hussey (Arna cheapadh an 3 Nollaig 2010)

John Griffin

Susan Donohoe (Arna ceapadh an 15 Márta 2010)

Micheál Ó Faoláin (Arna cheapadh an 21 Feabhra 2011)

John Pender (Ar scor an 28 Aibreán 2010)

Ní raibh aon suim in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, a cuideachta sealbhaíochta ná a fochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon am le linn na bliana.

## Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Leagtar amach sonraí de na beartais agus nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis fhoilsiú an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i gCuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Eachtraí Iar-Chlár Comhardaithe

Ní ann d'aon eachtraí suntasacha iar-chlár comhardaithe óna dteastaíonn mionathrú ar na ráitis airgeadais nó nóta a chur isteach ina dtaobh.

## Gnóthas Leantach

Tá an Bord Stiúrthóirí sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas.

## Iniúchóirí

Tá sé léirithe ag na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, gur mian leo leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird
**An Dr J. J. Lynch** Cathaoirleach
**S. Donohue** Stiúrthóir

Arna dhátú an 28 Márta 2011

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann ar stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar an mbarrachas nó ar an easnamh don bhliain sin.

Ceanglaítear na nithe seo a leanas ar na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á gcur i dtoll a chéile:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin má tá sé neamhchuí le toimhdiú go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a ligeann dóibh a chinntiú gur réitíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcloíonn siad le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá freagracht orthu chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



# Tuarascáil na nIniúchóirí

## Tuarascáil na nIniúchóirí neamhspleácha do bhaill Bhus Éireann-Irish Bus

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 22 go 36.

## Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí i leith an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn leagtha amach ar leathanach 19 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do bhaill na cuideachta mar chomhlacht amháin de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na tuairime seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tugaimid tuairisc daoibh i dtaobh ár dtuairime faoi cibé acu an dtugtar nó nach dtugtar léiriú fíor cothrom sna ráitis airgeadais agus faoi cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh i gceart iad de réir reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Sonraímid cibé acu an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaíonn uainn inár n-iniúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid ár dtuairim daoibh chomh maith i leith:

- cibé ar choinnigh nó nár choinnigh an chuideachta leabhair chuntais chuí;
- cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais; agus
- an raibh cás airgeadais ann ag dáta an chláir chomhardaithe ina mbeadh gá don chuideachta cruinniú ginearálta urghnách a ghairm; d'fhéadfadh cás airgeadais mar sin bheith ann murar ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear i gClár Comhardaithe na Cuideachta, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite.

Tugaimid tuairisc daoibh freisin mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis a shonraítear sa dlí i ndáil le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí.

## Bunús na Tuairime Iniúchta

Thugamar faoinár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an R.A. agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Is éard a áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise lena mbaineann méid agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, áirítear measúnú leis an iniúchadh ar na meastacháin agus ar na breithiúnais thábhachtacha a thug na stiúrthóirí i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás na cuideachta, curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go cuí.

Phleanálamar agus thugamar faoinár n-iniúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe uile a fháil a shíleamar a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Agus ár dtuairim á cruthú againn, rinneamar measúnú freisin ar oiriúnacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2010 agus ar a heasnamh agus a sreafaí airgid don bhliain sin agus réitíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uainn inár n-iniúchadh. Is é ár dtuairim é gur choimeád an chuideachta leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 16 go 18 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

# Tuarascáil na nIniúchóirí(ar lean)

Is ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa chlár comhardaithe ar leathanach 23, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite, agus ar an mbonn sin táimid den tuairim nach raibh aon chás airgeadais ann an 31 Nollaig 2010 a cheanglódh tionól chruinniú ginearálta urghnách na cuideachta, de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

**PricewaterhouseCoopers** *Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,* Baile Átha Cliath, Éire.

Dáta: An 6 Aibreán 2011

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an gcuideachta:

## (A) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éireann agus reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is ionann caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráitis airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom agus iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní inláimhsithe agus Dímheas

Sonraítear sócmhainní inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímheasa:

### (I) FEITHICLÍ PAISINÉIRÍ BÓTHAIR

Déantar dímheas ar chostais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a gcuid saolréanna fónta measta ar bhonn céatadán laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostais stairiúla na mbusanna scoile i dtráthchodanna bliantúla cothroma thar a gcuid saolréanna fónta measta.

### (II) GLÉASRA AGUS INNEALRA

Déantar dímheas ar ghléasra agus innealra, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

## (C) Sócmhainní ar léas

Léasanna oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (D) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus páirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Íocaíochtaí Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus Deontais

### (I) ÍOCAÍOCHT OIBLEAGÁID NA SEIRBHÍSE POIBLÍ

Déileáiltear le híocaíochtaí Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (II) DEONTAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS AN STÁTCHISTE

Déantar deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus deontais an Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

## (F) Airgeadra eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Déantar an costas a bhfuil coinne leis i dtaobh pinsin a chur ar fáil d'fhostaithe a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, le tairbhe comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag céatadán a mheastar bheith cobhsaí den phá inphinsin. Scartar athraithigh ó chostais phinsin rialta, a shainaithnítear i luachálacha achtúireacha tréimhseacha, thar na meánsaoil seirbhíse a mheastar atá fágtha ag baill na scéime.

Soláthraítear do chostas caipitil pinsean forlíontach agus déantar é a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain ina n-aithnítear téarbhadh an fhostaí lena mbaineann agus áirítear sa chostas téarfa é.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| **An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2010** | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Ioncam** | | **285,870** | 302,663 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais bhainteacha | *1* | **(136,945)** | (145,969) |
| Ábhair agus seirbhísí | *2(a)* | **(187,548)** | (200,564) |
| Dímheas lúide amúchadh deontas | *3* | **(7,939)** | (10,282) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(332,432)** | (356,815) |
| **Easnamh roimh chaillteanas ar dhiúscairt, ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus roimh míreanna eisceachtúla** | | **(46,562)** | (54,152) |
| Caillteanas ar dhiúscairt | | **(976)** | (514) |
| **Easnamh roimh Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí, Ús agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(47,538)** | (54,666) |
| Ús infhála | | **256** | 635 |
| **Easnamh roimh íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(47,282)** | (54,031) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | *19* | **45,039** | 49,365 |
| **Easnamh don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(2,243)** | (4,666) |
| Mír eisceachtúil | *2(b)* | **–** | (6,500) |
| **Easnamh don bhliain tar éis Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(2,243)** | (11,166) |
| **Easnamh carntha ag tús na bliana** | | **(4,416)** | 6,750 |
| **Easnamh carntha ag deireadh na bliana** | | **(6,659)** | (4,416) |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha an Ghrúpa.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta eile seachas iad siúd a áiríodh sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an Bhoird **An Dr J. J. Lynch**, Cathaoirleach**S. Donohue**, Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe

| **An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2010** | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *4* | **109,363** | 131,746 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *5* | **4,517** | 5,342 |
| Féichiúnaithe | *6* | **91,918** | 81,081 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **88** | 336 |
| | | **96,523** | 86,759 |
| Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *7* | **(78,211)** | (75,943) |
| **Glansóchmhainní reatha** | | **18,312** | 10,816 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **127,675** | 142,562 |
| **Soláthar do dhliteanais agus táillí** | *8* | **(47,894)** | (46,562) |
| **Ioncam iarchurtha** | *9* | **(57,236)** | (71,212) |
| | | **22,545** | 24,788 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Caipitil agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipitil ghlaoite | *10* | **29,204** | 29,204 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **(6,659)** | (4,416) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | *11* | **22,545** | 24,788 |

Thar ceann an Bhoird **An Dr J. J. Lynch**, Cathaoirleach**S. Donohue**, Stiúrthóir

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

| An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *12(a)* | **19,962** | 6,699 |
| **Torthaí ar infheistíocht agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | | | |
| Ús infhála | | **256** | 635 |
| | | **20,218** | 7,334 |
| **Caiteachas caipitil** | | | |
| Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe | *4* | **(1,467)** | (3,644) |
| Diúscairt sócmhainní inláimhsithe | | **152** | 38 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | *9* | **–** | 296 |
| | | **(1,315)** | (3,310) |
| **Insreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú** | | **18,903** | 4,024 |
| **Bainistiú acmhainní leachtacha** | | | |
| Gluaiseacht i méideanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta | *12(b)* | **(19,151)** | (4,036) |
| **Laghdú in airgead** | *12(b)* | **(248)** | (12) |

Is éard is acmhainní leachtacha ann méideanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead a ghintear nach dteastaíonn láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, inaisíoctha ar éileamh.

| Réiteach glan-insreafa airgid go gluaiseacht glanchistí | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Laghdú ar airgead sa bhliain | **(248)** | (12) |
| Airgead ó athrú in acmhainní leachtacha | **19,151** | 4,036 |
| **Gluaiseacht i nglanchistí** | **18,903** | 4,024 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | **66,856** | 62,832 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | **85,759** | 66,856 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Costais Foirne Pá agus tuarastail | **117,159** | 124,788 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | **10,025** | 10,807 |
| Costais phinsin eile | **9,703** | 9,950 |
| | **136,887** | 145,545 |
| Costais athraithe cláir | | 352 |
| Obair innealtóireachta do chuideachtaí an ghrúpa | **(60)** | (55) |
| **Glanchostais foirne** | **136,827** | 145,842 |
| **Luach saothair stiúrthóirí** | | |
| - as seirbhísí mar stiúrthóirí | **61** | 71 |
| - as seirbhísí eile | **57** | 56 |
| **Luach saothair agus sochair oifige iomlána stiúrthóirí** | **118** | 127 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara** | **136,945** | 145,969 |

Íocadh táillí stiúrthóirí le stiúrthóirí na cuideachta as seirbhísí mar stiúrthóirí mar seo a leanas: an tUasal J. Byrne €9,142; an tUasal J. Griffin €12,600; an tUasal T. Honan €19,685; an tUasal R. Langford €4,154; an tUasal J. Pender €4,119; an tUasal S. Donohue €10,045. Bhí €1,004 dlite don Uasal T. Hussey ach ní raibh sé íoctha ag dáta an chláir chomhardaithe.

Ní bhfuair an Dr J. J. Lynch, an tUasal B. McCamley, ná an tUasal J. Moloney aon táillí stiúrthóirí as seirbhísí mar stiúrthóirí.

Tá €216,683 san áireamh i gcostais phánna agus tuarastail as tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh, an tUasal T. Hayes as seirbhísí feidhmeannaigh. Chuaigh an tUasal T. Hayes ar scor an 31 Nollaig 2010.

**B'ionann an méid seo a leanas agus an meánlíon fostaithe le linn na bliana:**

| | Líon Ball Foirne | |
|---|---|---|
| | 2010 | 2009 |
| Lánaimseartha | **2,189** | 2,286 |
| Tiománaithe bus scoile páirtaimseartha | **515** | 534 |
| **Iomlán** | **2,704** | 2,820 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2(A). ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | Nótaí | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|---|
| Breosla agus Bealaí | | **28,818** | 34,519 |
| Conraitheoirí eile | | **115,589** | 120,463 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | | **524** | 563 |
| Léas oibriúcháin ar chíos feithiclí | | **562** | 581 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra | *8* | **7,100** | 7,670 |
| Rátaí | | **838** | 847 |
| Speansais íoctha le stiúrthóirí | | **2** | 3 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | | **34,115** | 35,918 |
| | | **187,548** | 200,564 |

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Áirítear a leanas le speansais a cúitíodh le stiúrthóirí: | | |
| Cothú/cóiríocht | **1** | 1 |
| Eile | **1** | 2 |
| | **2** | 3 |

## 2(B). MÍR EISCEACHTÚIL

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Costas athstruchtúraithe | **–** | 6,500 |

Mar chuid den chlár aisghabhála costais tá soláthar déanta ag an gcuideachta do chostais téarfa agus luathscoir dheonaigh.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. DÍMHEAS AGUS AMÚCHADH DEONTAS

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe *(nóta 4)* | **22,722** | 24,786 |
| Amúchadh deontais *(nóta 9)* | **(14,783)** | (14,504) |
| | **7,939** | 10,282 |

## 4. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | **Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000** | **Gléasra agus Innealra €000** | **Iomlán €000** |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2010 | 277,155 | 17,075 | 294,230 |
| Breiseanna | 10 | 1,457 | 1,467 |
| Diúscairt | (18,969) | (18) | (18,987) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2010** | 258,196 | 18,514 | 276,710 |
| | | | |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2010 | 153,051 | 9,433 | 162,484 |
| Táille don bhliain | 20,868 | 1,854 | 22,722 |
| Diúscairt | (17,854) | (5) | (17,859) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2010** | 156,065 | 11,282 | 167,347 |
| | | | |
| **Glanmhéideanna leabhairAmhail an 31 Nollaig 2010** | 102,131 | 7,232 | 109,363 |
| Amhail an 31 Nollaig 2009 | 124,104 | 7,642 | 131,746 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 4. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar lean)

(a) Is iad seo a leanas na saolréanna fónta measta de na cineálacha éagsúla sócmhainne chun críocha dímheasa:

| | Saolréanna (Blianta) |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 8 - 14 |
| Gléasra agus innealra | 5 - 10 |

(b) Dímheasadh feithiclí paisinéirí bóthair ar chostas €22,388,172 (2009: €27,171,737) go hiomlán, ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Áirítear Neamhní le sócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig 2010 (2009: Neamhní) i leith sócmhainní seasta inláimhsithe nach bhfuil i seirbhís go fóill.

## 5. STOIC

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | **3,451** | 3,897 |
| Breoslaí, bealaí agus stoic éagsúla | **1,066** | 1,445 |
| | **4,517** | 5,342 |

Áirítear páirteanna agus comhchodanna leis na méideanna seo a choimeádtar go riachtanach le freastal ar riachtanais fhadtéarmacha oibriúcháin. Níl difríocht ábhartha idir luach athchurtha na stoc agus a luach de réir na leabhar.

## 6. FÉICHIÚNAITHE

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **2,720** | 2,639 |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | **2,838** | 10,615 |
| Méideanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta *(nóta 12(b))* | **85,671** | 66,520 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam carntha | **689** | 1,307 |
| | **91,918** | 81,081 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 7. CREIDIÚNAITHE

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | **13,902** | 13,019 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi PAYE agus an tobhach ioncaim | **1,219** | 1,297 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | **1,335** | 1,415 |
| Cáin breisluacha agus cánacha eile | **86** | 230 |
| Creidiúnaithe eile | **1** | (8) |
| Fabhruithe | **25,685** | 26,024 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra*(nóta 8)* | **9,500** | 9,500 |
| Ioncam Iarchurtha *(nóta 9)* | **13,096** | 13,903 |
| Soláthar athstruchtúrtha | **13,387** | 10,563 |
| | **78,211** | 75,943 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **2,640** | 2,942 |

## 8. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh Dhliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **56,062** | 53,270 |
| Úsáidte le linn na bliana | **(5,768)** | (4,878) |
| Aistriú ó chuntas brabúis agus caillteanais *(nóta 2a)* | **7,100** | 7,670 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig** | **57,394** | 56,062 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanais Reatha *(nóta 7)* | **9,500** | 9,500 |
| Méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin | **47,894** | 46,562 |
| | **57,394** | 56,062 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## ÉILIMH DHLITEANAIS TRÍÚ PÁIRTÍ AGUS FOSTÓRA (ar lean)

Déantar aon chaillteanais nach gclúdaítear le hárachas seachtrach a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir.

### (A) CLÚDACH SEACHTRACH ÁRACHAIS

Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann, thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 do bhusanna scoile agus €2,000,000 d'iompar bóthair eile ar aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$3,300,000.

(ii) Dliteanas Oibreoirí Turais don ghrúpa le slánaíocht €2,000,000 ar aon eachtra amháin agus sa chomhshuim, faoi réir barrachas €250,000.

(iii) Dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €150,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Riosca Eile, ach amháin;

  (a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuilte, nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €1,000,000 ar bhonn neamhrangaithe, agus

  (b) aon damáiste eile ó thuilte nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €250,000.

  (c) aon éileamh faoi réir dhlínse Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$150,000.

(iv) Dliteanais iompair bóthair os cionn coinneáil féin-árachais €11,000,000 i gcomhshuim sa tréimhse dhá mhí dhéag, Aibreán 2010 go Márta 2011, faoi réir scair fhoriomlán choinneála féin-árachais an Ghrúpa arb ionann í agus €27,000,000 i bhfigiúr comhiomlán na bliana ina mbeidh aon scair aonair choinneála féin-árachais sa tréimhse sin cothrom le €50,000 ina dhiaidh.

(v) Maidir le hÁrachas Comhcheangailte Dliteanais Grúpa, nach n-áiríonn dliteanas Sceimhlitheoireachta, is ionann slánaíocht fhoriomlán agus €200,000,000 don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2010 agus Márta 2011, le haghaidh Dliteanais iompar iarnróid agus bóthair, Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile.

(vi) Gach riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, lena ngabhann slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas, leis an mbarrachas bliantúil gan dul thar €5,000,000 san iomlán ina mbeidh aon bharrachas aonair féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €100,000 ina dhiaidh.

(vii) Is é €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa lena ngabhann barrachas €500,000 i ndáil le rothstoc bóthair agus iarnróid agus €150,000 i ndáil le damáiste eile maoine, do gach ceann de na caillteanais.

### (B) SOLÁTHAIRTÍ AGUS GNÓTHUITHE GAOLMHARA UM ÉILIMH DHLITEANAS TRÍÚ PÁIRTÍ AGUS FOSTÓRA

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn tuairiscithe (IBNR) don chuideachta go fóill. Áirítear le costas measta na n-éileamh speansais a thabhófar le linn éilimh a shocrú. Glacann an chuideachta na céimeanna réasúnta uile le cinntiú go mbíonn an fhaisnéis oiriúnach acu i dtaobh a gcuid neamhchosaintí éilimh. Ar a shon sin, mar gheall ar an neamhchinnteacht a ghabhann le soláthairtí éilimh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Agus costas measta na n-éileamh gan íoc á ríomh, úsáideann an chuideachta meascán teicnící measta, bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil an eispéiris stairiúil; glactar leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha comhsheasmhach lenar tharla roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh costas na n-éileamh neamhshocraithe a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe ar phróisis na cuideachta a d'fhéadfadh luas nó moill a chur le forbairt agus/nó taifeadadh éileamh íoctha nó tabhaithe, athruithe ar an timpeallacht dhlíthiúil, éifeacht boilscithe, athruithe ar mheascán gnó agus tionchar

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

na gcaillteanas mór. Maidir le meastachán a dhéanamh ar chostas na n-éileamh a fógraíodh ach a bhíonn gan íoc, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca éilimh arna dtuairisciú, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le costais éileamh a shocrú lena mbaineann tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin.

## (B) SOLÁTHAIRTÍ AGUS GNÓTHUITHE GAOLMHARA UM ÉILIMH DHLITEANAS TRÍÚ PÁIRTÍ AGUS FOSTÓRA (ar lean)

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir níos mó neamhchinnteachta ná an costas measta d'éilimh a shocrú a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh. Is gnách go léireoidh cineálacha éilimh a bhfuil críoch tuairiscithe níos faide ag baint leo, agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán sách ard dá bhrí sin, éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bhaineann le meas na gcúlchistí sin.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh mar ollmhéid d'aon aisghabhálacha athárachais nuair is féidir na haisghabhálacha sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil d'aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar nádúr agus ar mhéid chlár athárachais na cuideachta le himeacht ama a léiriú. Déantar measúnú freisin ar in-aisghabhálacht athárachais ag féachaint d'fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí atá i mbun tréimhse díscoir.

## 9. IONCAM IARCHURTHA

Tá deontais neamh-inaisíoctha AE agus Deontais an Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas (beartas cuntasaíochta E).

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Deontais Chaipitil** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **85,115** | 99,323 |
| Faighte agus infhaighte | **–** | 296 |
| Aistriú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais *(nóta 3)* | **(14,783)** | (14,504) |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh | **70,332** | 85,115 |
| Lúide aistriú chuig dliteanais reatha *(nóta 7)* | **(13,096)** | (13,903) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **57,236** | 71,212 |

## 10. SCAIRCHAIPITIL

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Údaraithe** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **40,632** | 40,632 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **29,204** | 29,204 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 11. RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ I GCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ

| | 2010<br>€000 | 2009<br>€000 |
|---|---|---|
| Easnamh don bhliain | (2,243) | (11,166) |
| Cistí scairshealbhóirí cothromais tosaigh | 24,788 | 35,954 |
| **Cistí scairshealbhóirí cothromais deiridh** | 22,545 | 24,788 |

## 12. RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

| | 2010<br>€000 | 2009<br>€000 |
|---|---|---|
| (a) | | |
| **Réiteach easnaimh oibriúcháin chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Easnamh oibriúcháin roimh íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | (47,538) | (54,666) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | 45,039 | 49,365 |
| | (2,499) | (5,301) |
| Dímheas agus caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | 23,698 | 25,300 |
| Deontais chaipitil amúchta | (14,783) | (14,504) |
| Mír eisceachtúil | – | (6,500) |
| Laghdú/(Méadú) i stoic | 825 | (526) |
| Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe | 8,314 | (1,191) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | 251 | 129 |
| Ardú i soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir | 1,332 | 2,792 |
| Soláthar athstruchtúraithe | 2,824 | 6,500 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 19,962 | 6,699 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(b)

| **Anailís ar athrú i nglanchistí** | **an 1 Ean. 2010 €000** | **Sreafaí €000** | **an 31 Nol. 2010 €000** |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 336 | (248) | 88 |
| Méideanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta *(nóta 6)* | 66,520 | 19,151 | 85,671 |
| | 66,856 | 18,903 | 85,759 |

## 13. OIBLEAGÁIDÍ LÉAS OIBRIÚCHÁIN

| | **2010 €000** | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin iníoctha nach bhféadfaí a chur ar ceal mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **342** | 263 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **214** | 301 |
| | **556** | 564 |

## 14. PINSIN

Tá fostaithe Bhus Éireann ina mbaill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Chóras Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Chóras Iompair Éireann dhá scéim sochair sainithe a chlúdaíonn formhór na bhfostaithe, an dá cheann á maoiniú ag ranníocaíochtaí ón ngrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire neamhspleách cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir scaireanna duine aonair i sócmhainní agus dliteanais scéim pinsin Chóras Iompair Éireann a shainaithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnta fiú dá mbeifí in ann baill neamhghníomhacha a leithdháileadh thar fhochuideachtaí bunaithe ar an lá deireanach fostaíochta, d'fhéadfadh go raibh fostaithe ag obair do níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a shainaithint cé leis an dliteanas (agus an sócmhainn chomhfhreagrach) do na tréimhsí fostaíochta leanúnacha. Aithníodh ranníocaíochtaí leis na scéimeanna seo, amhail is dá mba scéim ranníocaíochta a bhí ann mar a cheadaítear in FRS 17 'Sochar Scoir' ag cuideachtaí Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Léirigh an luacháil achtúireach is déanaí ar na scéimeanna do sholáthar FRS 17 amhail an 31 Nollaig 2010 go raibh easnamh €348.7m sna scéimeanna.

Ba é €9.7m an costas pinsin don bhliain ar na scéimeanna le sochar sainithe; áirítear na costais seo i nóta 1.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 15. TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Ar conradh le haghaidh | 2,780 | 3,324 |
| Arna mhaoiniú | 911 | 985 |

## 16. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Ó am go chéile, bíonn an chuideachta ina bpáirtí in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le cúrsaí tráchtála atá á láimhseáil agus á gcosaint i ngnáthchúrsa gnó. Déantar athbhreithniú ar stádas imeachtaí ar feitheamh nó arna mbagairt le comhairle dlí ghrúpa CIÉ ar bhonn rialta. Is é tuairim na stiúrthóirí, nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, a éiríonn as baint leis na nithe sin de bhreis ar sholáthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais go hábhartha.

## 17. GLANBHARRACHAS/GLANEASNAMH DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

| | Seirbhísí Poiblí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Iompar tráchtála agus scoile €000 | Iompar Céime €000 | Cathair €000 | Fo-Iomlán €000 | Iomlán €000 |
| **2010** | | | | | |
| Ioncam | 218,976 | 44,370 | 22,524 | 66,894 | 285,870 |
| Costais | (224,233) | (71,394) | (37,525) | (108,919) | (333,152) |
| Easnamh roimh íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | (5,257) | (27,024) | (15,001) | (42,025) | (47,282) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | | | | 45,039 | 45,039 |
| Toradh tar éis Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | (5,257) | | | 3,014 | (2,243) |
| **2009** | | | | | |
| Toradh tar éis Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | (3,642) | | | (7,524) | (11,166) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Feidhmíonn an chuideachta gníomhaíochtaí tráchtála, iompar scoile agus seirbhíse poiblí. Is í an phríomhghníomhaíocht a fheidhmítear ar bhonn tráchtála an Luasbhealach. Feidhmítear an Scéim Iompar Scoile faoi chonradh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile Seirbhísí Iompar Céime agus Cathrach lena bhfaigheann an chuideachta íocaíochtaí oibleagáid na seirbhíse poiblí i leith na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí seo. Leithdháiltear costais do Luasbhealach, Seirbhísí Iompar Céime agus Cathrach ar bhonn méadrachta a dhíorthaítear ó shonraí na tréimhse roimhe, ó staidéir neamhspleácha ar oibríochtaí Bhus Éireann, an líon busanna agus míleáiste. Ba é €42.02m costas na n-oibríochtaí PSO in 2010 agus fuarthas cúiteamh €45.04m. Ba chóir féachaint ar an mbarrachas réasúnta €3.01m i gcomhthéacs na bhfo-íocaíochtaí substaintiúla sna blianta roimhe seo. Bhí tearcmhaoiniú €7.52m i gceist le seirbhísí PSO in 2009.

## 18. PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara den chuideachta iad aonáin faoi smacht Rialtas na hÉireann de bhua smacht Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

I ngnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear leis na príomhchinn acu sin BSL, an Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam de na ceannacháin seo bainteach le gnó na cuideachta. Tugann ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis atá ag teastáil faoi Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 8 (nochtuithe na bpáirtithe gaolmhara) a bhaineann le hidirbhearta idir an chuideachta, a bhfochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 19. ÍOCAÍOCHT OIBLEAGÁID NA SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba é €45,039,000 Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a bhí iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 (2009: € 49,365,000).

## 20. BALLRAÍOCHT I NGRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fochuideachta atá i mBus Éireann-Irish Bus de chuid Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí ballraíochta sa ghrúpa.

## 21. CEADÚ RÁITIS AIRGEADAIS

D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 28 Márta 2011.



Bus Éireann